

science foundation ireland
fondúireacht eolaíochta éireann

Tuarascáil Bhliantúil
agus Cuntais 2007

Taighde do
Thodhchaí na
hÉireann

Ábhair Clár Ábhair


Fís agus Misean	1
Bunluachanna SFI	2
Bord SFI	3
Ráiteas an Chathaoirligh	7
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	8
Forbhreathnú ar Ghníomhaíochtaí 2007	9
Príomhstaitisticí SFI 2007	10
Cláir SFI	11
Síneann SFI Amach	22
Ag Mealladh Taighdeoirí go hÉire	25
Briseadh Síos Infheistíochta na Stiúrthóirí	27
Comhoibriú Idirnáisiúnta	29
Fógraí Reachtúla agus Eile	30
Struchtúr Eagraíochtúil 2007	31
Ráitis Airgeadais 2007	34
Tiomantais Deontas agus Anailís na nÍocaíochtaí 2007	47

Fís

Trí infheistíochtaí straitéiseacha sna daoine, tuairimí agus comhpháirtíochtaí atá ríthábhachtach do thaighde den chéad scoth i réimsí straitéiseacha, cabhróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann forbairt a dhéanamh ar thaighde in Éirinn de shármhaitheas aitheanta go domhanda agus tábhacht eacnamaíoch suntasach ar bhonn náisiúnta.

Misean

Déanfaidh SFI taighde eolaíochta agus innealtóireachta a fhorbairt agus a láidriú mar aon lena bhonneagar sna réimsí leis an luach straitéiseach is mó le haghaidh iomaíochas agus forbairt fadtéarmach na hÉireann.



Bunluachanna SFI

Sármhaitheas Maoinímid taighde den chéad scoth atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Rannpháirteach Táimid tiomanta do ról na Fondúireachta i bhforbairt na hÉireann agus leis an bpobal taighde.

Straitéiseach Táimid físeach, déanaimid pleanáil don fhadtárma agus infheistímid i dtaighde le hiarmhairtí chun leasa sochaí agus eacnamaíocht na hÉireann.

Nuálaíoch Táimid dinimiciúil, comhoibríoch, cruthaitheach agus freagrach do riachtanais ár ngeallsealbhóirí atá i gcónaí ag athrú.

Ionrachas Spreagaimid iontaobh trí fheidhmiú go réasúnta, go cuspóireacha, go macánta agus go gléigeal sa chaoi ina n-oibrímid agus sa taighde a mhaoinímid.

Teorainneacha Oibrímid ag teorainneacha an taighde. Réimnímid eolas, spreagaimid idirsmachta agus cuirimid nascáil le tionscal chun cinn.

“Déanann cóngarachta na hÉireann chuig an Eoraip agus a dlúth-ghaol leis na Stáit Aontaithe í tarraingteach ar bhonn neamhchoitianta agus osclaítear suas an fhéidearthacht suimiúil de bheith ag idirghníomhnú le comhlachtaí atá ag bogadh go Baile Átha Cliath.”

An Dr. Nigel Boston,
Ollúnacht Stokes SFI, UCD

Bord SFI 2007



An tOll. Patrick Fottrell
Cathaoirleach,
iar-Uachtarán, Ollscoil
na hÉireann, Gaillimh.

Is iar-Ollamh Bithcheimice é an tOll. Fottrell, atá ag freastal ar Bhoird roinnt mhaith eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí. Tá sé ina bhall agus iar Leas-Uachtarán d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhain an tOll. amach a B.Sc agus M.Sc ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), a Ph.d ó Ollscoil Ghlaschú agus a D.Sc ó Ollscoil na hÉireann.



An tOll. Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir

Ceapadh an tOll. Gannon mar Ard-Stiúrthóir an SFI in Iúil 2007. Roimhe seo bhí an tOll. Gannon mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hEagraíochta Eorpaigh um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO) agus mar Eolaí Sinsearach ag an Saotharlann Eorpaigh um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBL) i Heidelberg, an Ghearmáin. Ta an tOll. Gannon mar iar-Stiúrthóir an Lárionaid Diagnóisice Náisiúnta agus Ollamh Comhlach sa Roinn Micribhitheolaíocht in Ollscoil na hÉireann, (NUI) Gaillimh.

Bhain an tOll. Gannon amach B.Sc. ó NUI, PhD ó Ollscoil Leicester, Sasana, bhí sé mar chomhalta iar-dhochtúireachta ag Ollscoil Madison, Wisconsin, STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ, agus Chargé de Recherche i INSERM ag Ollscoil Strasbourg, an Fhrainc. Tá an tOll. Gannon mar údar ar thart ar 200 airteagal taighde foilsithe in irisleabhair idirnáisiúnta. Tá an tOll. Gannon ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann.



An tUas. Sean Aherne
Leas-Uachtarán na nOibríochtaí,
Boston Scientific Limited,
An Tulach Mhór

Tá an tUas. Aherne tar éis a bheith páirteach i dtionscal le breis agus 30 bliain ag cuimsiú páirtíochta i dtrí oibríocht tosaithe. Tá sé tar éis poist a bheith aige in oibríochtaí táirgthe agus innealtóireachta araon, le Boston Scientific, Sherwood Medical, agus Braun. I rith an ama seo tá sé tar éis a bheith i gceannas ar thionscadail teicneolaíochta, ag réimsiú ó thógáil agus dearadh áise, go huathoibriú próisis, agus aistriú teicneolaíochta.



An tOll. Jane Grimson
Ceannasaí na Roinne
Ríomheolaíochta, Coláiste na
Tríonóide Baile Átha Cliath.

Tá an tOll. Jane Grimson¹ mar Cheannasaí na Roinne Ríomheolaíochta, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath (TCD) agus Stiúrthóir Gníomhach d'Oideachas Sláinte san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Roimh di dul i mbun an ról atá aici faoi láthair, bhí an tOll. Grimson ina Leas-Phropast ar TCD ó 2001-2005, Déan na Dáimhe Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Córais ó 1996-1999, agus Pró-Dhéan Taighde ó Eanáir go Lúnasa 2001. Bhí an tOll. Grimson mar an chéad Uachtarán bainneann chomh maith ar Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI) (1999-2000) agus is Comhalta í d'Acadamh Ríoga na hInnealtóireachta.



Helen A. Keelan
Uasal Stiúrthóir, Sirikit Ltd.

Is Stiúrthóir bunaitheora í Helen Keelan Uasal de Sirikit Ltd. a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta i straitéis agus pleanáil ghnó. Cuimsíonn

rólanna Iníon Uí Keelan roimhe seo 13 bliain le Intel Ireland, le déanaí mar Bhainisteoir Forbartha Straitéisigh agus roimhe sin mar Rialtóir Airgeadais in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe araon. Roimh dul i mbun fhostaíochta le Intel bhí sí mar Rialtóir Airgeadais le haghaidh Ericsson Ireland. Rinneadh Cuntasóir Cairte d'Iníon Uí Keelan agus í ag obair le KPMG.

Ceimí de Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)(B.Comm), bhain Iníon Uí Keelan amach M.Sc. i mBainistíocht ó TCD. Is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Is ball Boird í Iníon Uí Keelan de chuid Údarás Forbartha an Mhoil Digiteach, GS 1 (Global Standards 1 (Éire) Limited agus is Stiúrthóir í de mhéid áirithe comhlachtaí próbháideacha.



An tUas. Peter MacDonagh
Comhairleoir Taighde

Fuair an tUas. Peter MacDonagh a chuid oideachais i UCD agus Ollscoil Cambridge. I 1997 ceapadh é mar chomhairleoir speisialta don Aire Oideachais &

Eolaíochta áit ina raibh sé bainteach go lárnach i bhforbairt agus chur i bhfeidhm polasaí maidir le tionscnaimh taighde ag cuimsiú bunú Clár Taighde in Institiúidí Triú Leibhéal (PRTL) agus Comhairle Taighde na hÉireann do Dhaonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS). Ina dhiaidh sin bhí se ina chomhairleoir speisialta don Taoiseach, áit i measc réimsí éagsúla eile, bhí sé freagrach as ucht polasaí oideachais agus taighde. Is comhairleoir anois é.



An tOLL. Marja Makarow
Ollamh Bithcheimic
Fheidhmeach agus Bitheolaíocht
Mhóilíneach, Leas-Reachtaire
um Thaighde in Ollscoil Helsinki

Bhí Marja Makarow² mar Ollamh Bithcheimic Fheidhmeach agus Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Leas-Reachtaire um Thaighde agus Traenáil Taighdeora in Ollscoil Helsinki sular thóg sí a post reatha. Bhí sí ina hUachtarán den Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBC/EMBO) ó 2004 agus tá sí ina ball den Shaobharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach ó 1999. D'fhreastal sí ar an gComhairle Taighde Sláinte d'Acadamh na Fionlainne ó 1998-2003 agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Stiúrtha a chláir taighde córais bitheolaíochta agus bithaisnéisíochta ó 2003. Tá Marja Makarow ina ball de phainéil Eolaíochta Bheatha an chláir EURYI de chuid an ESF ó 2004 agus ina Cathaoirleach i 2007. Bhí sí ina ball den chumann measúnú ildisciplíneach de chuid Fondúireacht Nuálaíochta Cheanada i 2006, agus tá sí ina ball den chumann roghnaithe gradam idirnáisiúnta de chuid Duais Teicneolaíochta na Mílaíse ó 2006.



An Dr. Jim Mountjoy
Iar-POF Euristix Ltd., Leas-
Chathaoirleach, SFI

Bhunaigh an Dr. Mountjoy Euristix, soláthraí nuálaíochta de líonra adréitigh de bhogearraí bainistíochta le haghaidh

tionscal na teileachumarsáide. D'fhorbair Euristix ina cheannaire margaidh agus bhí sé gnóthaithe ag Fore Systems i mí Feabhra 1999, a bhí gnóthaithe ina dhiaidh sin ag Marconi. Faoi láthair tá an Dr. Mountjoy páirteach in acmhainn neamhfheidhmeannaigh le roinnt comhlachtaí bogearraí agus tá sé ina Bhall Boird de roinnt comhlachtaí um Chaipiteal Fiontair.



An Dr. Martina Newell-McGloughlin
Stiúrthóir an Chláir Oideachais agus Taighde Biteicneolaíochta in Ollscoil California (UCBREP).

Is údarás aitheanta go hidirnáisiúnta í an Dr. Newell-McGloughlin ar bhiteicneolaíocht. Stiúran sí an UCBREP, a chlúdaíonn deich gcampas de chuid Ollscoil California agus an trí Shaotharlann náisiúnta; Lawrence Berkeley, Lawrence Livermore agus Los Alamos. Is Comh-Stiúrthóir í chomh maith ar Institiúidí Náisiúnta um Chláir Oilíúna Sláinte i dTeicneolaíocht Bithmhóilíneach (Stáit Aontaithe), níl ach trí hinstiúid dá leithéid i gCalifornia, tá na cinn eile lonnaithe i gColáiste Ollscoile Berkeley agus Ollscoil Stanford. I dteannta le sin, is Ollamh cúnata í ar Phaiteolaíocht Plandaí. I 2003, d'ainmnigh Comhairle na SA ar bhiteicneolaíocht í mar cheann d'Aghaidheanna Nuálaíochta Comóradh Bliana DNA agus i 2005 fuair sí an Dámhachtain Eolaíocht Bheatha Meiriceá Éireannach BIOLINK Éire-SAM.



An Dr. Don Thornhill
Cathaoirleach, Comhairle Náisiúnta Iomaíochais na hÉireann

Is iar stárseirbhíseach sinsearach é an Dr. Thornhill. Is iar-Chathaoirleach Feidhmiúcháin é ar an Údarás Ard-Oideachais agus iar Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá sé tar éis a bheith ina fhigiúr ceannasach i bhforbairt an pholasaí oideachais agus taighde in Éirinn - go háirithe i bhforbairt agus feidhmiú an Chláir Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLII). Bhí poist sinsearach aige chomh maith sna Ranna Airgeadais agus Gnóthaí Eachtracha agus in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá sé ina bhall boird de roinnt eagraíochtaí in earnálacha poiblí agus príobháideacha na hÉireann agus tá sé páirteach in acmhainn comhairleoireachta le roinnt eagraíochtaí. Is ball é d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhain an Dr. Thornhill amach céimeanna B.Sc. agus PhD ó UCD, M.Sc (Econ) ó TCD agus le déanaí bronn Ollscoil na hÉireann dochtúireacht oinigh ar in oideachas.



An tUas. John Travers
Comhairleoir Gnó agus Eacnamaíoch

Is comhairleoir Gnó agus Eacnamaíoch é an tUas John Travers. Roimhe seo bhí sé mar an POF bunaidh de chuid Forfás (1993-2002) agus de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann (2000-2001) le linn a chéim tosaithe chriticiúil. Bhí John Travers mar Phríomh-Chomhairleoir Eacnamaíoch sa Roinn Tionscail agus Tráchtála (1988-1993). Roimhe sin, bhí poist bhainistíochta sinsearach aige i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Airgeadais agus i Roinn an Rialtais Áitiúil. Thar na poist seo go léir tá sé tar éis a bheith páirteach go dlúth sa phróiseas náisiúnta eacnamaíoch agus i bpleanáil tionsclaíoch thar tréimhse de bhreis agus 30 bliain. Faoi láthair tá sé ina bhall de roinnt Boird sna hearnálacha Poiblí agus Príobháideacha araon. Bhí sé ceaptha ag an Rialtas mar Chathaoirleach an Údarais Forbartha Turasóireachta Náisiúnta (2002-2003) agus an Ghrúpa Shaineolach bunaithe chun straitéis náisiúnta nua deich mbliana a phleanáil le haghaidh turasóireacht na hÉireann. Tá céimeanna Iarchéime aige i bPleanáil Bailte, i bPleanáil Eacnamaíoch agus i Riarachán Gnó ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), Ollscoil Pennsylvania agus Ollscoil na hÉireann faoi seach.



An tUas. Martin Shanagher
Leas Rúnaí, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Rannán Réadmhaoine Intleachtach, an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta

Ta Martin Shanagher mar cheannasaí an rannáin ag an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta (R/FTF) freagrach as ucht cláir agus polasaí Réadmhaoine Intleachtach agus Núalaíoch, Teicneolaíocht agus Eolaíocht a chomhordú, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá sé mar chathaoirleach ar an gCoiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a bhfuil freagracht rabhlaer aige ar fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Rialtais 2006-2013 agus tuairiscíú a dhéanamh chuig Fochoiste an Chaibinéid ar STI. Tá freagrais aige chomh maith do rannpháirtíocht na hÉireann i réimse taighde idirnáisiúnta agus cláir teicneolaíochta a bhfuil an t-Aontas Eorpach agus Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa bainteach.

Mar cheimí d'Institiúid Riaracháin Phoiblí, d'oibrigh an tUas. Shanagher mar Leas-Rúnaí roimhe seo i R/FTF mar cheannasaí ar na Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannán Polasaí Eacnamaíoch agus bhí se mar bhall den Ghrúpa Straitéise Cánach. Roimhe seo d'fhreastail sé mar Stiúrthóir na hOifige Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus bhí sé mar bhall de Bhord Eatramhach an SFI i rith na mblianta múnlaitheacha (2002/2003). Tá taithe leathan aige trasna na Roinne, ag obair ar pholasaí SME, polasaí cánachais, pleanáil straitéiseach agus corparáideach, ar mhaoin intleachtúil agus polasaí paitinne, polasaí cumasc agus iomaíocht.

Baill na gcoistí Den Bhord 2007

1 Foghrúpa an Bhoird ar Dheontais Chláir³


An Dr. Martina Newell-McGloughlin (Cathaoirleach), an tOll. Frank Gannon, an tOll. Jane Grimson, an tUas. Peter MacDonagh, an Dr. Eucharía Meehan (An tÚdarás um Ard-Oideachas) agus an tOll. Marja Makarow.

2 Coiste Iniúcháireachta SFI

An Dr. Jim Mountjoy (Cathaoirleach), an tUas. Aidan Hodson (Roinn Fointar, Trádála & Fostaíochta), Helen Keelan Uasal agus an Dr. Don Thornhill.

3 Coiste Luach Saothair agus Forbairt Bhainistíochta

An tOll. Patrick Fottrell (Cathaoirleach), an tUas. Sean Aherne, an tUas. Martin Shanagher agus an tUas. John Travers.



Tabhair faoi deara:

De réir an phróisis scor rothlach leagtha amach in Alt 9 (3) agus (4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, roghnaíodh an tUas John Travers agus an tOll. Martina Newell-McGloughlin chun dul ar scor agus ina dhiaidh sin bhíodar athcheapadh chuig an mBord ag an tAire Fointar, Trádála agus Eolaíochta, an tUas. Micheál Martin T.D. le héifeacht ó 25 Iúil 2007.

D'éirigh an tUas. Ned Costello as an mBord SFI le héifeacht ó 11 Eanáir 2007.

Ceapadh an tUas. Martin Shanagher chuig an mBord le héifeacht ó 22 Eanáir 2007.

1 D'éirigh an tOll. Jane Grimson as a phost mar Bhall Boird SFI le héifeacht ó 31 Márta 2008.

2 Ceapadh an tOll. Makarow mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin den Fhondúireacht Eolaíochta Eorpach (ESF) bunaithe i Strasbourg. D'éirigh sí as a post mar Bhall Boird de SFI le héifeacht ó 1 Eanáir 2008.

3 Bhí an tOll. Mark Keane, mar Ard-Stiúrthóir eatramhach de SFI, agus an tOll. Patrick Fottrell, mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin, mar bhaill d'Fhochoiste an Bhoird ar Deontais Chláir go dtí 31 Eanáir 2007 agus 30 Meitheamh 2007, faoi seach.

Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a thabhairt isteach d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le haghaidh 2007. Soláthraíonn an tuarascáil seo achoimre cuimsitheacha d'éachtaí SFI i 2007. Le linn an

12 mhí deireanach tá SFI tar éis leibhéal suntasach infheistíochta a bhaint amach agus a thiomantas a choimeád do thaighde ardchaighdeánach. Ba bhliain suntasach infheistíochta í 2007 do SFI. Formheasadh 570 dámhachtainí ag roinnt tiomantas airgeadais de bheagnach €365 milliún go hinstiúidí ardoideachais ar fud na tíre. Is comharthú soiléir é an leibhéal taifid infheistíochta seo de SFI ag obair chun na cuspóirí náisiúnta ardaidhmeannach a chur i bhfeidhm a bhí leagtha síos i Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Rialtais (SSTI) 2006-2013. Leanann SFI ar aghaidh mar phríomhpháirtí i bhforbairt eacnamaíoch bunaithe ar eolas domhanda áit gurb é a radharc agus dushlán ná, roimh 2013, go mbeidh oirirceas idirnáisiúnta ag Éirinn le haghaidh sármhaitheas a gcuid taighde agus beidh sé i réamhthús i nginiúint agus in úsáid eolas nua le haghaidh dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíocha laistigh de chultúr a bhfuil tiomanta go nuálaíocha.

I rith 2007, thug SFI méid áirithe cláir dámhachtana nua ard-rathúil isteach, cosúil le Braislí Taighde Straitéise (SRCanna) an SFI agus Cláir Léachtóireachta agus Ollúnachtaí Stokes SFI, deartha chun freastal ar bhearnaí sa phunann taighde reatha. Leanfaidh SFI ar aghaidh leis na hiarrachtaí seo sna blianta atá le teacht chun foirne taighde den scoth a thógaint trasna Instiúidí Ardoideachais na hÉireann (HELanna), méadú a chur ar líon na taighdeoirí d'ardchaighdeán agus mar sin chur le méadú ar aschur de PhD, rud a bhfuil mar phríomhchuspóir den SSTI.

Ina dhiaidh próiseas earcaíochta iomaíocha idirnáisiúnta, thóg an tOll. Frank Gannon suas an post d'Ard Stiúrthóir ar 2 Iúil 2007. Is taighdeoir rathúil idirnáisiúnta é an tOll. Gannon agus tá taithí aige ar SFI mar iar-Bhall Boird. Tríd a rólanna reatha agus roimhe seo comhcheanglaíonn sé cúlra taighde láidir den scoth le na scileanna bainistíochta agus riaracháin iomchuí agus tá sé i suíomh maith chun SFI a threorú fad is a théann sé ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá fhorbairt agus díritear ar na dúshláin leagtha síos san SSTI.

Óna cheapadh, tá an tOll. Gannon tar éis atheagrú mór a dhéanamh in SFI agus próiseas chláir agus pleanáil straitéise a chur in áit chun SFI a ullmhú don chéad chéim eile dá fhorbairt, ag cuimsiú straitéis SFI don tréimhse 2009-2013.

Tríd na socruithe den chur i bhfeidhm nua seo bunaithe chun tacaíocht a thabhairt don SSTI tá naisc níos cóngaraí fós déanta idir SFI agus Ranna Rialtais eile agus Gníomhaireachtaí Stáit, go háirithe le Forfás, Enterprise Ireland, IDA Ireland agus an tÚdarás Ardoideachais (HEA).

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus tacaíocht soláthartha ag Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile chuig SFI i mbaint amach a ról.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do agus mo fhíorbhuíochas a ghabháil ach go háirithe leis an iar-Thaoiseach, an tUas. Bertie Ahern, TD, agus leis an iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin, TD, agus gan dabht le hAíre Rialtais eile, lena n-áirítear an Taoiseach reatha an tUas. Brian Cowan T.D., le haghaidh a chuid tacaíochta agus tiomantais leanúnach chuig SFI i rith na bliana seo caite.

Ba mhaith liom mo fhíorbhuíochas a ghabháil leis an tOll. Mark Keane, a bhí ag gníomhú mar Ard-Stiúrthóir eatramhach go dtí deireadh Eanáir 2007 agus roimhe seo bhí se mar Stiúrthóir TFC, agus an Dr. Gary Crawley, Stiúrthóir, Stiúrthóireacht Taighde Teorainneacha Eolaíochta agus Innealtóireachta, as ucht a ranníocaíocht ollmhór agus leanúnach chuig SFI agus eolaíocht na hÉireann, an bheirt acu a d'fhág SFI i 2007. Is mian liom gach rath a ghuí ar an mbeirt acu in a gcuid oibre sa todhchaí

Ba mhaith liom mo bhuíochas agus ómós a ghabháil le mo chomhghleacaithe mar Bhaill Bhoird agus le foireann SFI as ucht a tiomantas den scoth i rith 2007.

Tá SFI i suíomh maith anois chun dul ar aghaidh agus na tosaíochtaí leagtha síos ag an Rialtas san SSTI a chur i bhfeidhm. Leanfaidh SFI ar aghaidh ag déanamh infheistíochtaí straitéiseacha sna daoine, smaointí agus comhpháirtíochtaí a bhfuil riachtanach chun taighde i suíomh straitéiseacha a thuiscint, chun taighde a fhorbairt in Éirinn de shármhaitheas aitheanta go domhanda agus tábhacht suntasach náisiúnta.

An tOll. Patrick Fottrell
Cathaoirleach

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra



Is pléisiúr é chun cuir le Tuarascáil Bhliantúil SFI don chéad uair. Thóg mé an phost mar Ard-Stiúrthóir SFI in Iúil 2007, nuair a bhog mé ar ais go hÉireann

ó Heidelberg, an Ghearmáin, áit a bhíos mar Stiúrthóir Fheidhmiúcháin ar an Éagraíocht Eorpaigh um Bhitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO). Bhí an chuid is mó de na cláir a bhfuil tuairisc déanta orthu ar siúl cheana féin. Mar sin téann creidiúint le haghaidh bliain an táirgiúil do SFI go foireann agus bainistíocht SFI agus mo réamhtheachtaí mar Ard-Stiúrthóir.

Nuair atáthar ag bogadh chuig eagraíocht nua tá an-cuid neamhchinnteachtaí. Ó am go ham níl an aireachtáil ón dtaobh amuigh mar an gcéanna leis an réadúlacht. I gcás SFI caithfidh mé a thuairisciú go bhfuil an réadúlacht chomh maith is atá an dearcadh a rinne mé roimh dul leis an eagraíocht. Tá an fócas ar shármhaitheas agus na bunluachanna eile de SFI imlínithe ar leathanach 2 soiléir ar bhonn laethúil.

Is é suíomh reatha an SFI ceann a bhfuil punann gníomhaíochtaí an eagraíocht tar éis a bheith athraithe agus múnlaíthe go dtí na deiseanna éagsúla a thagann suas fad is a láidríonn pobal eolaíochta na hÉireann. Bhí an tráthúlacht de thabhairt isteach tuilleadh gníomhaíocht deartha chun taighde tionsclaíoch agus taighde acadúil a thabhairt níos cóngaraí le cheile frithchaite sna hiarratais láidre a bhí faighte don chlár (SRCanna) Braislí Taighde Straitéise SFI nua. Pointeálann an méid grúpaí taighde a bhí curtha le clár Príomh-Imscrúdaitheoirí SFI go SFI ag meaitseáil, i slí tráthúil, éilimh tógáil cumais a bhfuil intuigthe i bPlean Forbartha Náisiúnta agus Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI) an Rialtais 2006-2013.

Fad is a sheolann an SFI ar na dúshláin chun “inchinní i ngnó” a athrú, tá an infheistíocht i dtaighde d’ardchaighdeán á bheith frithchaite i rangú níos airde den aschur eolaíochta Éireannach cé go bhfuil tuarascálacha ó chomheagraíochtaí cosúil le IDA Ireland agus Enterprise Ireland ag cur in iúl go bhfuil cainníocht an taighde déanta ag tionscail suite in agus ag suí in Éirinn ag méadú go rianúil.

Cé go mbraithear go bhfuil treo SFI i gceart agus tá an-cuid éachtaí imlínithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo, níl aon mhothú bolgás laistigh den eagraíocht. Beidh tionscnaimh nua tugtha isteach i 2008 chun seoladh ar bhearnaí áirithe sa chóras rabhlaer. Cuirfidh sé seo le aschur taighde ábhartha agus táirgiúla ardchaighdeánach leanúnach a bhaint amach. Táim tar éis a rá go rialta go bhfuil deiseanna ann a thagann ó thaighde agus tá an fhírinne de seo á fheiceáil cé gur céim suntasach é 2007 ar an slí chun na spriocanna ardaidhmeannacha a bhí leagtha síos dúinn a bhaint amach

An tOll. Frank Gannon
Ard-Stiúrthóir
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Forbhreathnú ar Ghníomhaíochtaí 2007

I 2007, sé bhliain ar aghaidh ón gcéad dámhachtain deontais, tá SFI ag bogadh isteach go céim nua forfheidhmithe fad is a dhíríonn an eagraíocht ar sheachadadh na spriocanna ardaidhmeannach leagtha síos ag an SSTI. Óna bunú i 2001, d'fhorpheas SFI níos mó ná 1,800 dámhachtain trasna a cláir ar fad, ag ionadú tiomantas infheistíochta suntasach de níos mó ná €1.04 billiún mar a leanann sí ar aghaidh ag tógáil timpeallacht taighde ardchaighdeánach in Éirinn.

I rith 2007, lean SFI ar aghaidh ag glacadh le ról maighdeogacha i gcur i bhfeidhm an SSTI, leis an gcuspóir rabhlaer ag cinntiú go mbeidh oirirceas ag Éirinn i leith a sármhaitheas a dtaighde eolaíochta. Caithfidh SFI 240 Príomh-Imscrúdaitheoirí (Planna) sa bhreis a sheachadadh thar tréimhse an Straitéise agus tá sé chun tosaigh ar an sprioc cheana féin trí líon na Planna a mhéadú le 84 thar tréimhse 2006-2007.

- An iomlán a bhí ag íocaíochtaí na ndéontas go comhlachtaí taighde i 2007 ná €156.6m
- D'fhorpheas an SFI 570 dámhachtain nua go 19 comhlacht taighde i 2007.
- Bronnadh €71m ar 12 Braislí Taighde Straitéise SFI (SRCanna) ag roinnt comhpháirtíochtaí le 43 comhlachtaí faoi leith
- I rith 2007 gheall SFI thart ar €69.2 milliún faoin gClár Príomh-Imscrúdaitheoirí.
- D'fhorpheas an SFI maoiniú de €16m do CSET SFI nua, an Next Generation Localisation, á stiúradh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).
- D'fhorpheas an SFI €44.55m faoin gclár Leachtóireacht agus Ollúnacht Stokes chun 67 poist taighde nua a chruthú i ngach HEI.
- Faoin gClár um Teorainneacha Taighde (RFP) 2007, bhronn an SFI maoiniú ar 168 taighdeoirí i 14 HEI a bhí cothrom le €26m.
- Rinne SFI dámhachtain chuig Institiúid Náisiúnta Tyndall (TNI) i UCC de €26m chun céim 2 a mhaoiniú den Chlár Tógála Forbartha Caipitil.
- Bhronn SFI thart ar €4m ar cheathrar taighdeoirí Bithteicneolaíochta agus TFC óga faoi chóras Dámhachtan Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA) i 2007.
- I nDeireadh Fómhair 2007, d'fhógair SFI na deich bhfaighteoirí de Scoláireachtaí Innealtóireachta Mná Óga Dell/SFI. Tá luach €20,000 ar gach scoláireacht
- D'fhreastail thart ar 350 taighdeoirí le taca SFI ar an Mullach Eolaíochta SFI dhá lá i Citywest, Baile Átha Cliath.
- Ghlac daichead múinteoirí páirt i gclár Leas Taighdeoirí Múinteoirí Dara Leibhéal (STARs) ag caitheamh idir sé agus ocht seachtain le foirne taighde maoinithe ag SFI i rith an tsamhraidh de 2007.
- Tharraing an SFI 11 taighdeoirí bunaithe thar lear chuig comhlachtaí taighde Éireannach. I dteannta le sin, ghlac 16 taighdeoirí páirt i gClár Cuairteoirí Walton ETS i rith 2007.
- Ghlac 189 mic léinn fochéimí ó Éire agus ó thar lear páirt sa Dámhachtain Eolais agus Taithí Taighde Fochéimí (UREKA), ag caitheamh an samhradh ag déanamh tionscadail taighde i HEIanna in Éireann.

Príomhstaitisticí SFI 2007

Don chéad uair tá SFI tar éis tabhairt faoi suirbhé chun príomhshonraí a bhailiú ó thaighdeoirí tacaithe SFI. Seoladh an suirbhé chuig 533 sealbhóirí deontais SFI, as a d'fhreagair 500 sealbhóirí deontais. Tagraíonn na freagraí den staid amháil ar an 31 Nollaig 2007.

- Sna foirne treoraithe ag an 500 sealbhóirí deontais freagróra, bhí 1,909 post tacaithe SFI, as sin bhí 52% mar mhic léinn PhD agus 32% mar phoist lar-Dhochtúireacht.
- I rith 2007, d'fhág 202 lar-Dhochtúireacht na foirne taighde seo, agus astu seo
 - chuaigh 38% ar aghaidh chuig lar-Dhochtúireacht eile;
 - d'eascair 23% ina léachtóirí;
 - ghlac 19% le poist i dtionscal.
- I rith 2007, d'fhág 116 céimithe PhD na téarmaí seo, agus as seo
 - D'fhan trí cheathrú in Éirinn;
 - chuaigh 61% ar aghaidh go hIar-Dhochtúireacht;
 - ghlac 28% le poist i dtionscal.
- Ba mhna iad 18% de shealbhóirí deontais freagróra.
- Ba mhna iad 40% de bhail na bhfoirne taighde tacaithe ag SFI.
- D'fhoilsigh an 500 taighdeoirí 1,750 airteagal réiteora áit a raibh an taighde maoinithe go díreach ag SFI, líon meánach de 3.5 airteagal in aghaidh an sealbhóra deontais.
- Chuir taighdeoirí 1,776 páipéir i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus 264 páipéir ag comhdhálacha Éireannach.
- Sheachaid taighdeoirí 1,113 láithreoireacht bhéil lasmuigh d'Éire ag comhdhálacha agus 686 in Éirinn.
- Rinne taighdeoirí taifead ar líon iomlán de 626 comhoibrithe tionsclaíocha scaipthe trasna Fiontair Bheaga agus Mheánacha (SMEanna) agus Corparáidí IL-Náisiúnta (MNCanna).
- Rinne 111 taighdeoirí taifead ar 222 comhoibrithe le SME.
- Rinne 124 taighdeoirí taifead ar 234 comhoibrithe le MNC a bhfuil oibríochtaí Éireannach suntasach acu le thart ar 100 fostaithe.
- Rinne 93 taighdeoirí taifead ar 170 comhoibrithe le MNC a bhfuil oibríochtaí Éireannach acu le níos lú ná 100 fostaithe.
- Rinne taighdeoirí taifead ar 82 paitinn a chomhdú, bronnadh 11 paitinn i 2007.



Sa phictiúr ag ainmniú dámhachtain taighde SRC agus CSET an SFI bhí, ó c-d:
An tOll. David Brayden, UCD; An tOll. Kingston Mills, TCD; An tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir SFI; An tOll. Josef van Genabith, DCU; An tUas. Micheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; An tOll. James MacElroy, UCD; An tOll. Alexander Evans, UCD, agus An tOll. Patrick Fottrell, Cathaoirleach, SFI



An tOll. Chris Dainty,
Ollamh d'Fhisic
Fheidhmeach, NUIG

Bhog an tOll. Chris Dainty go NUIG ó Imperial College i 2002 faoi Dhámhachtain PI SFI cúig bliana, a raibh athnuaite an bhliain seo caite go dtí 2012. Ag NUI Gaillimh bhunaigh sé an Grúpa Optaice Fheidhmeannach, a bhfuil timpeall 25 taighdeoirí ann anois. Díríonn taighde an ghrúpa ar cheithre réimsí: optaic oiriúnaitheach, eolaíocht radhairc, íomhá agus scaipeadh. Le déanaí d'óstáil sé dhá comhdhálacha idirnáisiúnta móra, "Engineering the Eye" i 2006 agus "Adaptive Optics in Industry and Medicine" i 2007. Tá an-cuid comhoibrithe tionsclaíoch ar siúl agus beidh níos mó ar fáil i 2008. Don tréimhse 2005 go 2007, d'fhreastail an tOll Dainty ar an mBord Stiúirthóra den Chumann Optaice Meiriceánach, agus tá sé ar an mBord Fheidhmeannaigh d'Fhótóiníc 21 faoi láthair, an Clár Teicneolaíochta Eorpach. "Cé go ndéanfaimid taighde fheidhmeannaigh, dírimid ar na gnéithe bunaidh agus ar thuiscint bunúsach a fháil de na fadhbanna le bheith réitithe", arsa an tOll Dainty. "Ag an am céanna, táimid ag faire amach do deiseanna chun ár obair a tráchtáil, agus tá dhá conarthaí againn ó Enterprise Ireland chun ár taighde maoinithe ag SFI a shaothrú."

1 Cláir SFI

A SFI Ionaid Eolaíochta, Innealtóireachta & Teicneolaíochta (SFI CSET)

Tá an clár CSET SFI deartha chun mais riachtanach sármhaitheas a chruthú in Éirinn i ranna Bith agus TFC a chruthóidh todhchaí eolaíochta agus innealtóireachta. Is ionaid taighde den scoth iad na CSET SFI seo a thugann le chéile taighdeoirí i dtéarmaí ildisciplíneach i gcomhpháirtíocht le tionsclaíocht chun taighde ardchaighdeán a dhéanamh a thabharfaidh buntáistí fadtéarmach eacnamaíochta agus sóisialta. Ag deireadh 2007, bhí CSET SFI tar éis comhoibriú a bhunú le 39 comhlachtaí faoi leith. I dteannta le sin, tríd a oideachas agus gníomhaíochtaí for-rochtana, tá ról tábhachtach ag CSET SFI agus iad ag méadú an tuiscint d'eolaíocht agus ag cur béim ar na deiseanna gairme soláthraithe ag taighde in Éirinn do dhaoine óga.

I 2007, d'fhorheas an SFI CSET SFI nua, an t-Ionad do Chomhchruinniú an Chéad Ghlúin Eile, i DCU. I dteannta, rinne an seacht CSET SFI eiseadh dul chun cinn maith i dtéarmaí a taighde eolaíochta agus oideachais agus gníomhaíochtaí for-rochtana.

(i) Comhchruinniú an Chéad Ghlúin Eile SFI CSET

Tá an tOll. Josef van Genabith mar cheanasaí ar an gComhchruinniú an Chéad Ghlúin Eile CSET SFI, a bhronnadh €16.85 milliún, ag DCU. Forbróidh an CSET SFI seo an chéad ghlúin eile d'aistriúchán teanga uathoibríoch ard teic. Claoclóidh an clár taighde cúig bliana rannóg tábhachtach de ghnó bogearraí domhanda na hÉireann - comhchruinniú - chomh maith le bheith mar phríomhthiománaí den thionscal dáileacháin ábhair domhanda. Is iad DCU, UCD, Ollscoil Luimnigh (UL) agus TCD na páirtneirí acadúla ag comhoibriú sa thionscadal agus is iad IBM, Microsoft, Symantec, Dai Nippon Printing and Idiom Technologies na páirtneirí tionsclaíochta, chomh maith le príomh-SMEanna na hÉireann; Alchemy, Vista Tech, SpeechStorm agus Translan.




An Dr. Padraic Fallon
Scoil Leighis, TCD

Tá an ceathrú leiththeadúlacht is mó ag páistí na hÉireann d'asma ar domhan, le thart ar 500,000 duine in Éirinn ag fulaingt ón gcoinníoll asma. Mar sin tá Éire ag an airmheán d'eipidéim domhanda i gcoinníollacha ailléirgeacha. Príomhcheist gan freagra ná, cad é an/na fachtóir(i) gur cúis le formheadú i gcoinníollacha ailléirgeacha i ndaoine i sochaithe nua-aimseartha? Tá mo chuid taighde dírithe ar ról an galrú péist seadánach, eipidéim i sochaithe forbartha le hailléirgí íseal ach in easnamh anois i tíortha forbartha áit a bhfuil ailléirgí tar éis formheadú, mar fhachtóir amháin a d'fhéadfadh an t-ardú in ailléirgí a mhíniú. Tá mo ghrúpa tar éis a thaispeáint cheana féin go bhfuil an helminth *Schistosoma mansonia* ábalta lucht a rindreáil radúil chuig galar i samhail trialach d'anaifíolacsas, asma agus galar inne athlastach. Tá SFI ag ligint dom straitéis débhoracha a uchtú chun comhéabhlóidíú pataigin ostach a shaothrú chun teiripí nua d'ailléirgí a fhorbairt. Ar dtús, táimid ag díoscadh na meicníochtaí nua gur éabhlóidigh péisteanna chun indhíonacht oiriúnaitheach agus dúchasach a mhodhnú, agus ansin, táimid ag aithint na móilíní péiste le poitéinseal teiripeacha.

Do ghalair ailléirgeacha, agus an-cuid coinníollacha eile, tá riachtanas ag fás do straitéis cóireála nua. Mar sin féin, níl ionsaithe fionnta druga reatha ag seachadadh. Tá sé seo frithchaite ag sonraí ó 2007, an bhliain leis an méid is lú de dhruaí nua formheasta ag FDA na Stát Aontaithe i 25 bliain, le 19 bithloighic nó beitheanna móilíneacha amháin. Tá an rannóg bithteic agus pharma idirnáisiúnta ag féachaint i dtreo píblínte neamhnómhar agus malartach chun bitheanna druga nua a fháil. Le tacaíocht á thabhairt do mo thaighde ailléirgí tá SFI chun tosaigh ar chlaonta reatha ag tógaint an ceannas in ionsaí nua chuig fionnachtain drugaí a chur i bhfeidhm. Chuimsigh maoiniú ó SFI i 2007 chun tacaíochta a thabhairt don taighde seo an dámhachtain Phríomh-Imscrúdaitheoir (€1.68m), deontas trealaimh (€0.75m) agus Ollúnacht Stokes i Scoil Leighis, TCD.

An tOll. Werner Arber, Nobel Laureate, agus an tOll. Frank Gannon ag Mullach Eolaíochta SFI 2007



Tá rian coise domhanda suntasach ag Éirinn cheana féin i dtionscal comhchruinnithe; an próiseas d'ábhar digiteach a athchóiriú, lámhleabhair a íoslódáil, bogearraí agus ábhair eile i dteangacha agus cultúir difriúla. Táclálfaidh an SFI CSET trí fhadhbanna criticiúla don Thionscal Comhchruinnithe:

1. Méid:

Tá an méid ábhar le bheith aistrithe agus locáilte chuig an timpeallacht agus cultúr sprice ag fás go tapaigh agus síneann sé thar go mór an soláthar d'aistritheoirí daonna.

2. Rochtain:

Tá teicneolaíochtaí nua ag teastáil ó háiseanna beaga, cumhachta cosúil le fóin phóca agus PDA ag comhtháthú caint agus téacs chun seachadadh "ar an ngluaiseacht" de agus teacht ar eolas ilteangach a thacú.

3. Pearsantú:

Tá éileamh nua tar éis teacht amach go tapaigh le haghaidh an t-oiriúnú de mhéid ollmhór d'ábhar ilteangach ar fáil anois ar an ngréasán, le haghaidh riachtanais indibhidiúla. Tá pearsantú agus comhchruinniú "láithreach" ag teastáil chun éilimh ár úsáideoirí a bhaint amach.

I rith 2007, rinne seacht CSET SFI eiseacha mar atá leagtha síos thíos dul chun cinn maith i dtéarmaí a gcuid oibre taighde agus gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana.

(ii) Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC)

Tá an Ionad Cógasbhitheach an Bhia i UCC dírithe ar an taiscéaladh agus saothrú de gut microbiota i sláinte agus galar. Tá an APC tar éis fás i scóip, scála agus seasamh idirnáisiúnta óna lainseáil ceithre bliana ó shin, agus seasann sé do shampla iontach de dhá eagraíochtaí (UCC agus Teagasc) ag comhoibriú go rathúil i roinn bitheolaíochta agus ag idirghníomhú le páirtneirí tionscail.

Le déanaí, tá an chomhpháirtíocht idir an APC agus GlaxoSmithKline (GSK) tar éis cuir go mór le hinfheistíocht i, agus scála de, taighde i bhforbairt teiripí nua do neamhoird gastristéigeach. Tá an sampla gur fiú le rá de chomhoibriú trípháirteach idir SME tionscal (Alimentary Health Ltd), acadúil (APC) agus an rannóg ilnáisiúnta (GSK) tar éis a bheith mar an chomhiarratas rathúil do mhaoiniú AE 7ú Creatlach.

Tá rath na heolaíochta ag tiomáint an APC inchainníochtaithe trí mhéadraigh coinbhinsiúnach ag cúimsiú foilseacháin athbhreithnithe ag comhghleacaí idirnáisiúnta. Tá iomlán de thart ar 300 leis iad seo, le tionchar i dtéarmaí lua, clúdaigh iris leabhair, eagarfhocail agus tráchtairachtaí a spreagadh, dámhachtain agus aischur teicneolaíocht rathúil.

Tá ranníocaíochtaí chuig tionscal agus sochaí sa réise oideachais agus for-rochtana tar éis a bheith cófhorásach agus rinne an scoil nuashonrú ar shuíomh gréasáin le déanaí Microbe Magic (<http://microbemagic.ucc.ie>).



An tOll. Andy Way
Scoil Ríomhaireachta,
DCU

Is í aidhm an Tionscadail Amhairc ná chun imscrúdú a dhéanamh ar mhodhanna nua chun an próiseas aistriúcháin a uathoibrí d'Araibis-Béarla agus Sínis-Béarla. Tá an tOll. Andy Way d'Ionad Náisiúnta do Theicneolaíocht Teanga i Scoil Ríomhaireachta DCU mar cheannasaí ar thionscadal, le beirt thaighdeoir iar-dhochtúireachta agus bheirt mhac léinn PhD.

Tá an tOll. Way tar éis maoiniú a fháil faoin gClár Príomh-Imscrúdaitheoir. Ón am gur thosaigh an tionscadal i Meán Fómhair 2005, tá siad tar éis 21 páipéir choinfearaidh a fhoilsiú ag imeachtaí céad-chéim réitithe go hidirnáisiúnta, mar aon le ceithre irisleabhar agus páipéir choinfearaidh choibhneasaigh eile. I dteannta le sin, tá an grúpa tar éis an córas (MT) aistriúchán innill MaTrEx ardchaighdeánach a fhorbairt, a bhí rangaithe i dtosach d'Araibis-Béarla i gcomparáid le córais ó ghrúpaí MT ceannasaí eile ó thimpeall an ghlóib i luacháil oscailte de scála mór le déanaí.

Bhí ról maighdeogach ag grúpa MT an tOll. Way chomh maith i rathúlacht an CSET maoinithe ag SFI le déanaí i gComhchruinniú an Chéad Ghlúin Eile (NGL), le bheith comhordaithe i DCU. Laistigh den CSET NGL, fairsingeoidh foireann an tOll. Way an taighde déanta go dtí seo le foireann forleathnaithe go mór chun ligint do DCU leanúint ar aghaidh a bheith aitheanta mar ionad domhanda do MT.

(iii) **Institiúid Bithleighis Diagnóisce (BDI)**

Is é an phríomhchuspóir de chuid BDI, bunaithe i DCU, ná forbairt áiseanna diagnóiseach nua ag cumasú fáthmheas stáitse luath agus ag déanamh monatóireacht ar ghalair mhóra. Tá na háiseanna seo sprioctha le haghaidh úsáid ag an bpointe-cúraim agus ligfidh sé de chúpláil feidhmiúil d'fháthmheas agus cóireáil ar deireadh (theranostics). Le bliain anuas tá scála an fhoireann ag BDI tar éis fás go mór, le níos mó ná 100 duine páirteach i ngníomhaíochtaí BDI. Tá éachtaí taighde BDI frithchaite sna 22 páipéar, 11 nochtadh aireagáin agus cúig iarratais phaitinne ginte i rith 2007.

D'athneartaigh an BDI a chomhoibriú láidir leis a sé pháirtnéirí tionscail trí fhorbairt sraith nua de ghníomhaíocht taighde le BD Biosciences, teascán de Becton Dickinson bunaithe i San Jose, California. I dtiannta le sin, tá measúnacht diagnóiseach tréidliachta nua, forbartha ag BDI, tar éis a bheith aistrithe go SME Éirinn, Enfer, le haghaidh tuilleadh barrfheabhsú agus tráchtálaíocht ina dhiaidh sin.

Fanann oideachas agus for-rochtain mar fhócas tábhachtach de ghníomhaíochtaí BDI. I rith 2007, céimneoidh an chéad chohórt de mhic léinn ón M.Sc tionscanta-BDI i nDiagnóisic Bhitheleighis. Tá an clár (MAMBO) "Me and My Body" de chuid BDI, forbartha le fócas ar churaclam eolaíochta bunscoile na hÉireann, tar éis a bheith seachadta chuig 40 bunscoil agus tugadh isteach é go thart ar 1,000 páistí scoile. Tá súil ag BDI anois an clár MAMBO a dáileadh chuig gach bunscoil sa tír.

(iv) **Centre for Research on Adaptive Nanostructures and Nanodevices (CRANN)**

I 2007, d'fhás CRANN, bunaithe i TCD, a Phríomh-Imscrúdaitheoir ó deich go 16 agus anois tá 200 taighdeoirí aige. I dtreocheangal le fás a bhonn taighde bhog CRANN isteach chuig áis taighde den chéad scoth, Institiúid Naughton. Mar thoradh ar an mbonn taighde méadaitheach foilsíodh 42 páipéar. D'fhorbair CRANN post ceannasaíochta náisiúnta i dtaighde nani-eolaíochta agus chomhordaigh siad ocht n-institiúidí tríú leibhéal Éireannach chun cuibhreas NANOTEIRE a bhunú go rathúil, a bhfuil tar éis dámhachtain €31.6m faoin PRTL14 a fháil.

Anuas ar sin, bronnadh maoiniú suntasach ar CRANN i nglao trealaimh SFI 2007. Nuair atá an t-ionstraimiú seo i bhfeidhm beidh CRANN ábalta a chuid áiseanna a thagarmharcáil i gcoinne na cinn is fearr go domhanda. Lean CRANN ar aghaidh leis a chomhoibriú páirtnéir tionscail rathúil le Intel agus Hewlett-Packard, agus anois tá deich dtaighdeoirí tionscail tuimithe. Tá CRANN tar éis páirtnéir SME nua a chuir leis chomh maith, Cellix. Bunaíodh an Gailearaí Eolaíochta, áis teagmhála eolaíochta nua d'Éirinn, mar eagraíocht faoi leith. Faoi deireadh, fuair CRANN €23.7m i maoiniú ó fhoinsí neamh-SFI agus rinne siad forbairt ar phlean straitéise a chruthóidh an bhonn de léarscáil bhóthair don chéad chúig bliana atá le teacht.



An Dr. Geraldine Boylan
Scoil Leighis,
UCC

Is faighteoir í an Dr. Boylan de Dámhachtain um Chur Chun Cinn Príomh-Imscrúdaitheoir (PICA) ó SFI chun algartaim lorgaireachta urghabhála nua a fhorbairt do bhabaithe nuabheirthe. Cuimsithe sa taighde seo tá foireann ildisciplíneach de chliniceoirí, eolaithe agus innealtóirí ó na ranna Sláinte Leanáí & Péidiatraic agus Innealtóireacht Leictreach & Leictreonach i UCC. Tá an fhoireann ag déanamh imscrúdú ar úsáid EEG agus anailís comhartha fiseolaíochta eile le haghaidh imscrúdú ar ghortú inchinne agus taomanna i mbabaithe nuabheirthe.

Is iad taomanna nó 'ráigeanna' an éigeandáil néareolaíochta is comónta comhraicthe san aonad dianchúraim nuabheirthe (NICU) agus na cúiseanna a bhaineann leo ná fadhbanna cosúil le heaspa ocsaigine timpeall ar am breithe, rith fola agus meiningíteas. D'fhéadfadh taomanna a bheith an-deacair a aimsiú i nuabheirthe agus an t-aon uirlis cruinn le haghaidh fáthmheas ná monatóireacht EEG, tomhas gníomhaíocht inchinne leictreach. Is scil an shainfeidhmeach é léirmhíniú EEG nuabheirthe agus is beag na saineolaithe atá ar fáil. Is é fócas taighde an Dr. Boylan ná chun léirmhíniú EEG a uathoibriú i dtreo is go mbeidh taomanna aimsithe go hiontaoifa san NICU.

Tá forbairt sraith gnéithe EEG agus ECG tar éis teacht as an maoiniú SFI seo cheana féin a bhfuil in úsáid in aicmitheoir lorgaireachta taom nua do nuabheirthe. Tá na céad torthaí ón dtaighde seo tar éis a bheith foilsithe sna hirisleabhair IEEE Transactions in Biomedical Engineering agus Clinical Neurophysiology.

(v) Ionad Taighde Luach Shlabhra Teileachumarsáide (CTVR)

Tá an Ionad Taighde Luach Shlabhra Teileachumarsáide i TCD ag leanúint ar aghaidh ag tógáil ainm idirnáisiúnta dó féin, agus Éire, in an-cuid réimsí de thaighde Teileachumarsáide. I rith 2007, d'fhoilsigh/tháirg taighdeoirí CTVR thart ar 150 páipéar, aon trian de sin a bhí foilsithe in irisleabhar le tionchar thar a bheith ard.

Tá príomh-chomhpháirtíocht CTVR le Alcatel-Lucent agus Bell labs Ireland méadaithe trí chaidrimh le Xilinx, EADS agus TDK. I samhradh 2007, bhí an CTVR freagrach as ucht trí chomhdháil idirnáisiúnta mór agus cruinnithe tionsclaíocha go Baile Átha Cliath a tharraingt ag cruthú go mbeidh Éire mar phointe fócais le haghaidh taighde gan sreang d'ardchaighdeán ar fud an domhain. Tá gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta ag dul chun cinn go maith agus tá toradh tar éis tosú ag teacht ar na polasaithe réamhghníomha le haghaidh Maoin Intleachtúil (IP) luachmhar a thiomáint ar aghaidh go tráchtálaíoch. Faoi láthair, tá deiseanna ilcheadúnú agus gnólachtaí réamh-nua-thionscanta á bheith tóraithe go bríomhar.

Tá an CTVR tar éis an-cuid deiseanna nua a chruthú do mhic léinn céimí le tosú an tionscnamh Matamaitic Líonra i gcomhpháirt le hInstitiúid Hamilton i NUI Má Nuad. Cruthóidh sé seo sraith cúrsaí céime le léachtaí tugtha ag cuid des na matamaiticeoirí is ardchéimíúla ar fud an domhain. I dteannta le sin, ligeann an cúrsa nua seachadta i gcomhpháirt le Virginia Tech i réimse raidió cognaíoch do mhic léinn dul isteach sa phobal domhanda seo ag baint úsáid as naisc físchomhdhála. De bharr gníomhaíochtaí for-rochtana CTVR taispeánadh an físeán beoite ar TF náisiúnta, leis sin ag fostú paistí scoile ar théamaí eolaíochta agus ag tiomáint trácht chuig an suíomh gréasáin dírithe ag ranganna eolaíochta bunskoile.

(vi) Institiúid Taighde Fiontair Digiteach (DERI)

Déanann an Institiúid Taighde Fiontair Digiteach, bunaithe in NUIG i 2003, taighde i leith an líonra séimeantach agus seirbhísí líonra feabhsaithe go séimeantacha. Tá DERI Gaillimh, le thart ar 100 duine, tar éis fás go dtí ceann de na hinstitiúid taighde teicneolaíochta líonra is mó sa domhain.

D'fhoilsigh DERI thart ar 80 páipéar i 2007 ag cuimsiú sé pháipéir glactha le haghaidh an Chomhdháil Líonra Séimeantacha Idirnáisiúnta agus cúig don Chomhdháil Líonra Séimeantacha Eorpach, níos mó ná aon institiúid eile. Tá taighdeoirí ó DERI páirteach chomh maith i 11 grúpaí caighdeánaithe i W3C nó OASIS nó ceachtar acu.

I rith 2007 lean DERI ar aghaidh ag comhoibriú leis a pháirtnéirí tionscail, Hewlett Packard agus Storm Technology. Tá an clár for-rochtana agus oideachas ag DERI an rathúil, bhailigh tionscadail cabhráithe le DERI trí dhámhachtain náisiúnta i 2007. Tá DERI tar éis obair go cóngarach chomh maith le hOifig Aistrithe Teicneolaíochta NUIG chun foireann DERI a oiliúint i leith tráchtálaíochta agus próisis IP.

“Tá Éire dáiríre faoi ard-fhiontar teicneolaíochta agus eolaíochta a thógáil”

An Dr. Gil Lee, Ollúnacht Stokes SFI, UCD

(vii) LERO – Ionad Thaighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann

Is é Lero Ionad Thaighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann. I 2005, bhí Lero comhbhunaithe trí UL, DCU agus UCD le UL mar an institiúid phríomh-pháirithe, le dámhachtain de €9.1m ó SFI.

I rith 2007, d'fhairsingigh Lero a fhoireann, naisc tionsclaíocha agus gníomhaíocht for-rochtana, agus méadú suntasach a chur ar a ngníomhaíocht taighde agus aschur. Bhí ceithre taighdeoirí iar-dhochtúireachta lánaimseartha agus taighdeoir iar-dhochtúireachta páirtaimseartha amháin earcaithe ag UL(2.5) agus TCD (2), agus chur Lero seacht mhic léinn iarchéime lánaimseartha leo chomh maith. D'fhoilsigh taighdeoirí le taca CSET 18 páipéar in irisleabhair idirnáisiúnta réitithe, 46 páipéar i gcomhdhálacha réitithe agus 31 páipéar ceardlainne.

Faoin gclár HEA PRTL14, bhí €7.3m bronnta chun foirgneamh a sholáthar do Lero ag UL agus chun bunú ag DCU, TCD, UCD agus UL a mhaoiniú, de scoil Céime Lero in Innealtóireacht Bogearraí (LGSSE). Tá taighdeoirí Lero tar éis maoiniú tionscadal breise a tharraingt ó Enterprise Ireland agus tríd an NESSI ETP, ón gclár 7 Creatlach AE. Tá tionscal páirteach sna tionscadail nua go léir agus leanann Lero ar aghaidh ag obair leis na páirtneirí tionscail eiseadh agus nua. Le Bainisteoir For-rochtana nua, thosaigh Lero ag obair le meánscoileanna ar fud Éirinn chun tuiscint a chur chun cinn de na suáilc agus dushlán d'innealtóireacht bogearraí.



**An Dr. Frank Wellmer,
Institiúid Géiniteacha Smurfit,
TCD**

Díríonn taighde An Dr. Frank Wellmer ar thuiscint de na próisis mhóilínigh a rialaíonn forbairt plandaí níos airde.

Go dtí seo, déanann sé staidéar ar an slí go bhfoirmítear bláthanna agus orgáin bláthacha sa mhodhphlanda Arabidopsis thaliana. Soláthraíonn an dámhachtain Príomh-Imscrúdaitheoir SFI i 2007 maoiniú chun líonraí rialúcháin na géine a dhiosctha faoi fhorbairt bhlátha ar scála géanóm leathan. Tacaíonn an dara deontas SFI faoin gclár Teorainneacha Taighde le hobair dírithe ar réiteach conas forbairt phlanda a rialú trí rialúchán seasmhacht próitéine.

“Tá maoiniú ó SFI tar éis cead a thabhairt dúinn saotharlann den scoth a leagan amach agus chun dul le tionscadail taighde dúshlánach gur chóir léiriúchán corrathacha agus nua i bpríomhphróisis forbartha i bplandaí a sholáthar. Ina theannta sin, tá súil againn, i rith cúrsa an obair seo, go d'fheadfaimis uirlisí agus modhanna anailís nua a fhorbairt a bhfuil áisiúil do thaighdeoirí eile in ár réimse féin agus níos mó.”

“Tá timpeallacht agus infreastruchtúr den chéad scoth ag Éire le haghaidh taighde”

An Dr. Arum Bokde, Léachtóireacht Stokes SFI, TCD



Sa phictiúr ag Mullach Eolaíochta Fondúireacht Eolaíochta Éireann 2007 bhí an tUas. Micheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i dteannta le Coimisinéir na hEorpa, Janez Potocnik, Coimisinéir Eolaíochta agus Taighde agus an tOll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, SFI.

(viii) Institiúid Leighis Athghinteach (REMEDI)

Bunaíodh REMEDI in NUIG i 2003 chun taighde a dhéanamh i leighis athghinteach, réimse ag teacht amach a chomhcheanglaíonn na teicneolaíochta de theiripí géine agus theiripí gaschealla duine fásta. I rith 2007 dhaingnigh REMEDI €21m chun Áis Taighde Cliniciúil a thógáil. Bhí cúig chaibidil leabhair agus airteagail athbhreithnithe ag REMEDI, agus 32 páipéar irisleabhair athbhreithnithe ag comhghleacaithe foilsithe nó tá siad sa phreas. Bhí tosú comhpháirtíocht €6.25m le Smith & Nephew cuimsithe sna buaicphointí de idirghníomhaíochtaí tionscail REMEDI. In iomlán bronnadh €39m ar mhaoiniú taighde breise i maoiniú rannóg príobháideach agus deontas i rith 2007.

Lean REMEDI ar aghaidh leis a gclár for-rochtana agus oideachas rathúil. I rith 2007 d'ímdheaghail ceithre mhic léinn a gcuid obair PhD go rathúil agus tá beirt eile tar éis tráchtas a chur isteach. Ghlac REMEDI páirt sna cláir UREKA agus STARs de chuid SFI. Fuarthas maoiniú ón Welcome Trust chun coimhlint díospóireachta na scoile a fhairsingiú ar bhonn náisiúnta. Chuaigh cúig mhic léinn déag ar an rolla sa chúrsa M.Sc i Leigheas Athghinteach a thosaigh i Meán Fómhair ag NUIG.



An tOll. Brian Norton, DIT

Tá an tOll. Brian Norton mar Uachtarán de chuid DIT. Baineann a chuid taighde le feidhmiúcháin fuinnimh ghréine. Déanann tionscadal reatha maoinithe ag SFI leis an Dr Max Ammann, an Dr Shynu Nair agus Maria Jose Roo-Ons, Scoil Innealtóireacht Cumarsáide agus Leictreonach, agus an Dr Sarah McCormack, Saoth Fuinnimh Baile Átha Cliath (<http://dublinenergylab.dit.ie/index.html>) ag DIT imscrúdú ar phainéil aintéine ceallacha agus fótavoltach (PV) comhcheangailte i gcóir aghaidh foirgnimh. Insealbhairte ag costas níos ísle i níos mó suímh líonra, mar ní bheadh aon chumhacht seachtrach ag teastáil, bheadh a leithéid de líonraí féin-chumhachta dímheabhrach d'ídirbhristeacha soláthar gréille agus láidir ó thaobh tubaistí saorga. Sholáthair an taighde léiriúcháin uathúil sna idirghníomhaíochtaí idir dearadh agus teoiric aintéine agus tréithe PV ag cumasú barrfheabhsú de aiseanna géineasacha nua.

Níl ach ~16% de ghrianfhuinneamh ar PV aistrithe go leictreachas; téann an chuid eile an PV ag íslíú a éifeacht. I dtionscadal eile maoinithe ag SFI, i gcomhoibriú chomh maith leis an Dr McCormack i dteannta le Ahmed Hasan agus Jawad Sarwar ag DIT agus an Dr Huang de Exeter University, tá úsáid ábhair athrú céime (PCM), a ionsúinn fuinneamh mar teas neamhfollas ag teocht targhabhála céime leanúnach chun ardaithe teochta PV a íoslaghdú, á thaiscéal. Tá na tástálacha agus cumadóireachtaí sonraithe tar éis chur le tuiscint níos diana de chórais PV/PCM chomhtháthaithe chun éifeachtach PV a fheabhsú is mó agus is féidir.

B

Braislí Taighde Straitéise (SRCanna)

I 2007, rinne SFI 12 dámhachtain don chéad uair faoin gclár Braislí Taighde Straitéise. Tá an clár dámhachtain nua seo deartha chun mogallú taighdeoirí amuigh a éascú chun comhghníomhaíochtaí taighde a dhéanamh i réimsí de thábhacht straitéise go hÉire, agus ag an t-am céanna ag tabhairt an t-am agus acmhainní chun comhpháirtíochtaí tionscail láidir a shaothrú agus a tharraingt a mbeidh ábalta a gcláir taighde a fheabhsú agus a fhoirmiú.

Ag leanúint an glaoch le haghaidh moltaí i lár-2006, bhí seisiún eolais a fhreastal 215 taighdeoir ar ar siúl ar 21 Lúnasa 2006 chun tuilleadh eolais a thabhairt ar an gclár agus an próiseas dámhachtana. Fuarthas daichead a dó iarratas réamh-thogra ag an spriocdháta de 3 Samhain 2006 (26 Bith, 16 TCF) agus, ag leanúint luacháil saineolaí, tugadh cuireadh do 22 chun tograí iomlána a chur isteach (12 Bith, 10 TCF). Ag leanúint athbhreithnithe suímh sonraithe de na 22 tógra seo, bhí 12 dámhachtain déanta le gealltanais iomlán de €71m. Tá iomlán de 43 cumhacht ar leith tar éis tiomnú chun dul i ngleic go díreach le na tionscadail taighde, i dteannta le méid áirithe de chumhachtaí phoiblí. Ionadaíonn siad bonn leathan de rannóga tionsclaíocha agus tá an-cuid ag dul i ngleic le taighde maoinithe ag SFI don chéad uair. Tá IDA agus Enterprise Ireland tar éis ról suntasach a bheith acu i naisc comhoibríocha a thabhairt isteach agus a bhunú le cumhachtaí páirteach i gcláir SRC. I dteannta le sin, ghlac an HEA, an Bord Taighde Sláinte agus Forfás páirt sa Phainéal Athbhreithnithe Straitéise. I dtéarmaí caipiteal daonna, glacfaidh timpeall 490 pearsanra ard-oilte páirt sna foirne bunaithe ag na dámhachtainí seo agus cuimsíonn sé seo taighdeoirí sinsearach PI, Iar-dhochtúireachtaí, agus mic léinn PhD.

Tionscadail Maoinithe ag an SRC 2007

Faightheoir dámhachtana	SRC	Príomh-Institiúid	Maoiniú (€m)
An tOll. Alexander Evans	Braisle Taighde Bitheolaíochta Atáirgeach	UCD	€7.40
An tOll. Martyn E. Pemble	Ocsaidí Feidhmiúla agus Ábhar Bainteach do Leictreonaic	TNI*	€4.24
An tOll. David Brayden	Líonra Taighde Seachadadh Druga na hÉireann	UCD	€5.27
An tOll. Kieran Hodnett	Braisle Cógaisíochta Soladstaide	UL	€6.97
An tOll. A. Stewart Fotheringham	Ard-Geoteicneolaíochtaí	NUIM	€7.02
An tOll. Karsten Menzel	TCF le haghaidh Oibríochtaí Tógála Barrfheabhsaithe agus Inbhuanaithe	UCC	€6.20
An Dr. Frank Hudson Peters	Fótóinic – Comhtháthú “Ó Adaimh go Córais”	TNI*	€5.59
An tOll. Kenneth Dawson	BioNanoInteract	UCD	€7.24
An tOll. Abhay Pandit	Líonra Sármhaitheas do Bhithábhair Feidhmiúla	NUIG	€4.34
An Dr. Liam Murnane	Próisisiam Comhartha Digiteach Tuimithe go hÉifeachtach do Shláinte Digiteach Soghluaiste	UCC	€3.97
An tOll. Kingston Mills	Ionad Taighde d’Imdhíoneolaíocht	TCD	€7.50
An tOll. James MD MacElroy	Ard-Biomimetics d’Athrú Fuinneamh Gréine	UCD	€4.74

*TNI – Institiúid Náisiúnta Tyndall, UCC



Dr. Créidhe O’Sullivan
Roinn na Fisice, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, (NUIM)

Tá an Dr. Créidhe O’Sullivan mar bhall den Ghrúpa Optaice Space Terahertz i Roinn na Fisice Trialach. Sainfheidhmíonn an Grúpa i ndeardh agus anailís optaic teileascóip ag oibriú idir tonnfhaid raidió agus sofheicthe. Tacaíonn an Clár Teorainneacha Taighde SFI páirtíocht an ghrúpa i dtionscadal Suirbhéir PLANCK Gníomhaíocht Spás Eorpach, réidh le haghaidh lainseáil an bhliain seo chugainn, agus an tástáil QUaD ón dtalamh ag an bPól Theas. Tá aidhm ag na tionscadail araon seo léarscáil a dhéanamh ar na hiomlaoidí polaraithe agus teochta an-lag a bhí inphrionta ar Chúlra Micreathoinne Cosmach, radaíocht iarsmach ón Big Bang, sa chruinne luath. Is é QUaD an ionstraim is fogaire in oibríú faoi láthair agus is í seo an chéad tástáil deartha go sonrach chun an comhartha polaraithe an-lag a thomhas. Leis na tomhais seo beidh cosmeolaíthe ábalta paraiméadair cosmeolaíoch bunúsach a shrian go uathúla chomh maith le teoricí boilsceitheacha trialach den chruinne luath.

C

Clár Léachtóireachtaí agus Ollúnachtaí STOKES SFI

Tá an Clár Léachtóireachtaí agus Ollúnachtaí Stokes SFI deartha chun earcaíocht straitéise a ligint d'fhoirne dáin gníomhaíocht-taighde chun tacaíocht a thabhairt den chur i bhfeidhm agus éacht spriocanna SSTI. D'fhorhreas an SFI €44.55m i ndámhachtain mhaoiniú chun 67 poist taighde nua a chruthú in Institiúidí Ard Oideachais (HElanna), faoin gclár Léachtóireachtaí agus Ollúnachtaí Stokes SFI. Is í 2007 an chéad bhliain de dámhachtain faoin gclár agus fuair an SFI 172 iarratas do léachtóireachtaí agus 89 d'ollúnachtaí. Ag leanúint próiseas athbhreithnithe idirnáisiúnta d'fhorhreas an SFI 32 dámhachtain Léachtóireachtaí agus 35 Ollúnachtaí. Tá na hiarrthóirí rathúla iomaíoch go hidirnáisiúnta, acadóirí taighde-gníomhach, ag gníomhú ag an leibhéal iomchuí is airde go dtí pointe a ghairm. I líne le na spriocanna SSTI, tá an clár tar éis a bheith rathúil agus é ag tarraingt daoine aonair taighde-gníomhach ard-oilte go hÉire; tá 49 den 67 iarrthóir formheasta mar thaighdeoirí bunaithe thar lear. D'ainmnigh scoileanna laistigh de na HElanna na hiarrthóirí agus anois tá siad ag comhlíonadh gnóthaíochtaí conartha le hiarrthóirí rathúla.

Briseadh síos Dámhachtain Stokes ag Comhlacht Taighde

Comhlacht Taighde	Líon na nDámhachtainí
Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath	16
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	14
Ollscoil na hÉireann Gaillimh	8
Ollscoil na hÉireann Má Nuad	6
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	5
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	4
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	3
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	3
Ollscoil Luimnigh	3
Teagasc	2
IT Dún Dealgan	1
IT Sligeach	1
IT Tamhlacht	1
	67



Sa phictiúr leis an Oll. Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir SFI agus an tUas. Micheál Martin TD, Aire Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus an tOll. Patrick Fottrell, Cathaoirleach, SFI, tá na hainmnithe Léachtóireachtaí agus Ollúnachtaí Stokes SFI ag fógairt na dámhachtainí in Ostán Shelbourne, Baile Átha Cliath ar 13 Nollaig 2007.

D**Clár Príomh-Imscrúdaitheoir SFI (PI)**

I 2007, d'fhorghas an SFI 37 dámhachtain faoin gClár Príomh-Imscrúdaitheoir (PI) ag gealladh thart ar €169.2 milliún chun tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí den scoth i réimsí eolaíochta agus innealtóireachta a chuireann taca faoi bhitheicneolaíocht agus teicneolaíocht cumarsáide agus eolas. Bhí dámhachtain suntasach bronnta ar an Oll. Catherine Godson, UCD; an tOll. Luke O'Neill, TCD; an tOll. Rosemary O'Connor, UCC; an tOll. Igor Shvets, TCD; an tOll. Chris Dainty, NUIG, an tOll. Mani Ramaswami, TCD; an tOll. Doug Leith an tOll Prof. Robert Shorten, NUIM.

E**Clár Teorainneacha Taighde (RFP) 2007**

D'fhorghas an SFI dámhachtainí chuig 168 taighdeoir i 13 comhlacht taighde faoin gClár Teorainneacha Taighde 2007. Tugann an clár tacaíocht do thaighde taiscéalaíochta nua ardchaighdeánach sa rannóg tríú leibhéal i réimsí brásáil na Bitheolaíochtaí, Ceimic, Eolaíochtaí Talaimh, Matamaitic agus Ríomheolaíocht, Fisic agus Innealtóireacht. Bhronnadh thart ar €26m ar na 168 tionscadal thar trí bliana. B'é méid na dámhachtana meánach ná €155,000 i gcostais díreach thar trí bliana agus b'é an ráta rathúil rabhlaer ná 24%

Sna trí go leith bliana seo caite tá an RFP tar éis 563 dámhachtain a dhéanamh, ag ionadú gealltanais iomlán de €102m. Tugann beagnach na deontaithe go léir tacaíocht le mic léinn iarchéime amháin ar a laghad, a chiallaíonn go bhfuil thart ar 480 mac léinn iarchéime faoi láthair tacaíthe ag an gclár seo. Fad is a thagann na cláir aonair go deireadh, tiocfaidh thart ar 100 taighdeoir ard oilte ar fáil gach bhliain le bheith curtha i dtionscal in Éirinn chomh maith le in Institiúidí tríú leibhéal Éireannach, mar sin ag déanamh suíomh tarraingteach as Éirinn le haghaidh tionscail bunaithe ar eolas.

RFP 2007

Araíonacht Ginearálta	Iomlán	Líon na nDámhachtainí
Bithcheimic	€1.9m	12
Bithleigheas	€3.0m	20
Ceimic	€3.5m	21
Ríomheolaíocht	€2.2m	15
EEEEOB	€1.4m	9
Innealtóireacht Leictreach	€1.4m	8
Innealtóireacht Mheicniúil	€1.8m	11
Géiniteach	€1.4m	10
Geo-Eolaíocht	€2.1m	14
Ábhair	€2.1m	13
Matamaitic	€2.1m	16
Fisiceach	€3.1m	19
Móriomlán	€26m	168

* EEEEEOB - Éiceolaíocht, Bitheolaíocht Éabhlóideach, Bitheolaíocht Timpeallachta & Bitheolaíocht Orgánach



**An Dr. Una FitzGerald,
NCBES, NUIG**

Faigheann an Dr. Una FitzGerald maoiniú faoin gClár Teorainneacha Taighde 2006. Tá taighde dírithe ar dhéanamh amach an bhfuil strus ar an líonán ionphlasmach (ER) ag cuir le damáiste bánábhair ag tarlú i ndiaidh stróc. Tá oligodendrocytes saothrán aonchille agus príomha gortha faoi éagsúlacht coinníollacha i seomra hiopocsa nó cóireáilte le ceimiceáin, in úsáid chun iscéime in vitro a thaispeáint. Thaispeáin réamhthorthaí, curtha i láthair le déanaí ag an gcuirinní Apoptosis 2008 i Lucsbairg, go bhfuil réamhtheachtaí oligodendrocyte íogair i leith strus ER bainte ag coscaire pumpa cailciam ER, ach níl siad chomh freagrach sin i leith neamhchosaint ar íogaire ceimiceach hiopocsa. Comhlánaíonn agus láidríonn an staidéar bunaithe ar chultúr oligodendrocyte seo taighde bainte le Scléaróis Iolrach foilsithe le déanaí (tacaíthe i bpáirt ag SFI) a bhfuil ar siúl sa shaotharlann chéanna, a thaispeánann go bhfuil leibhéal níos ardaíthe de strus ER le fáil go príomha ar imeall loit SI gníomhach leannánta. I gcásanna áirithe, comhtharlaíonn láithreach strus ER le leibhéal ardaíthe de mharcálaí hiopocsa. Cabhróidh taighde tacaíthe ag RFP leanta chun fáil amach an féidir cosaint de oligodendrocytes ó héifeachtaí de strus ER bás bainte ar iscéime ag tarlú in éagsúlacht de neamhoird néarmeathlúcháin ag cuimsiú strócanna agus SI

F

Dámhachtainí Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA)

Ba í 2007 an cheathrú bliain den Chlár Dámhachtain Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg a thugann aitheantas d'eolaithe agus innealtóirí go luath ina ngairmeacha den scoth ó Éire agus thar lear. Is iomaíocht dianú í an dámhachtain deartha timpeall ar chuspóir amháin, chun taighdeoirí a aithint a bhfuil, ag pointe luath ina ngairmeacha, tar éis araíocht eisceachtúil a thaispeáint chun dul i gceannasaithe taighde idirnáisiúnta.

D'fhill na ceithre bhuaiteoirí i 2007 abhaile go hÉireann ó hollscoileanna san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe chun a gcuid taighde a thosú. Leagadh amach beagnach €1m don duine dos na ceithre fhaighteoirí dámhachtain chun a gcuid tionscadail taighde a dhéanamh in Éirinn thar an chéad chúig bliana le teacht.

Na buaiteoirí dámhachtain a bhí ann ná:

- Bhí an Dr. Stephen Rea ag EMBL, An Ghearmáin. Dámhachtain PIYRA go NUIG;
- Bhí an Dr. Karen Keeshan ag Ollscoil Pennsylvania, na Stáit Aontaithe roimhe seo. Dámhachtain PIYRA go UCC;
- Bhí an Dr. Claude Ederer ag Ollscoil Columbia, Nua Eabhrac, na Stáit Aontaithe roimhe seo. Dámhachtain PIYRA go TCD;
- Bhí an Dr. Silvia Giordani ag Ollscoil Trieste, An Iodáil roimhe seo. Dámhachtain PIYRA go TCD.



D'fhógair an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa Buaiteoirí 2007 de Dhámhachtain Uachtaráin na hÉireann an Taighdeora Óg (PIYRA) ag ceiliúradh in Áras an Uachtaráin ar 28 Bealtaine 2007.

Sa phictiúr ag ainmniú na ndámhachtainí bhí (ó chlé taobh thiar) an Dr. Ruth Freeman, Oifigeach Cláir na hEolaíochta SFI, an Dr. Claude Erderer, TCD, an Dr. Stephen Rea, NUIG, an Dr. Maurice Treacy, Stiúrthóir Eolaíochtaí Beatha, SFI, an Dr. Silvia Giordani, TCD, Uachtarán Máire Nic Ghiolla Íosa, an Dr. Karen Keeshan, UCC.



An Dr. Scott Rickard
Scoil Innealtóireacht Mheicniúil,
Leictreonach & Leictreach,
Saotharlann Chórais Oiriúnaitheach &
Coimpléascach (CASL), UCD

Gheobhaidh duine in gach tríúir bás ó ghalar cardashoithíoch. D'fhéadfadh cosc a chur le an-cuid des na básanna seo dá bheadh daoine aonair ag riosca ard aitheanta ag costas íseal. Le fada tá éisteachas den chroí mar nós imeachta cumhachtach ach cost-éifeacht a sholáthraíonn fir leighis le heolas ar chomhrialú, fad, airde, suíomh agus díanas fuaimeanna chroí, mar sin ag ligint dóibh chun diagnóis tionscanta nó tarchur iomchuí a dhéanamh le haghaidh tástálacha breise. Mar sin féin, tá caighdeán tar éis a bheith déanta ar theicneolaíochtaí réimnithe don mhéid sin i gcleachtas cairdeolaíochta go bhfuil éisteachas mar ealaíon faillithe. Mar sin, soláthróidh áis cost-éifeachtach a chabhróidh le fear leighis fuaimeanna chroí a dhéanamh amach d'fhir leighis eolas breise ag méadú lorgaireacht cruinn de mhínormáltachtaí cairdiach agus méid tarchur neamhriachtanach a laghdú do nósanna imeachta níos costasach agus uaireanta ionrach. Tá an Dr Scott Rickard, maoinithe faoin gClár Uachtaráin na hÉireann do Thaighdeora Óg (2005-2010), ag leagadh amach ceannródaíochtaí i matamaitice de scaradh foinse dall go fáthmheas uathoibríoch d'fhuaimneanna chroí. Tá na halgartaim forbartha ag an bhfoireann seo ábalta meascáin a dheighilt ina gcomhpháirteanna a chabhraíonn go mór le próiseas diagnóiseach. Tá an taighde á dhéanamh i gcomhoibriú le cairdeolaithe in Ospidéal Naomh Uinseann agus saineolaithe idirnáisiúnta i dtionscail áiseanna leighis. Ceadóidh an teicneolaíocht nuálaíoch forbartha sa taighde seo do logaireacht neamh-ionrach cost-éifeacht de mhínormáltachtaí cairdiach agus cuireann siad cosc le bás neamhriachtanach anabái ó ghalar cardashoithíoch inchoireálte.

G**Tionscnamh Matamaitice**

Ag leanúint ar aghaidh ó rath Tionscnamh Matamaitice i 2005, bhí glaoch eisithe i Márta 2007 le haghaidh an dara Tionscnamh Mata agus bhí 14 iarratas faighte ó seacht hinstitiúid. I ndiaidh próiseas athbhreithnithe dian, d'fhorhmheasadh ceithre iarratas le haghaidh maoiniú de €3m thar cheithre bliana.

Gheobhaidh an tionscadal Íomháu Bithleigheas i Modhanna Staitistiúil ceannasaithe ag an tOll. Finbarr O'Sullivan i UCC, €990,818 thar cheithre bliana. Dírionn an togra ar fhorbairt Mhodhanna agus Teoiric Staitistiúil nua spreagadh ag an ról nua ag teacht amach le haghaidh íomháu diagnóiseach cainníochtúil i taighde leighis.

Gheobhaidh an t-Ionad Edgeworth le haghaidh Matamaitice Airgeadais, ceannasaithe ag an Dr. John Appleby i DCU, €995,260 thar cheithre bliana. Tugann an tionscadal idirdhisciplíneach i Matamaitice Airgeadais foirne taighdeoirí i matamaitice agus airgeadas le chleachtóirí ó hinstitiúidí airgeadais le chéile.

Gheobhaidh Ionad De Brun d'Ailgéabar Ríomhaireachtúil, bunaithe ag NUIG agus ceannasaithe ag an Dr Graham Ellis, deontas de €500,000 thar cheithre bliana. Déanfaidh trí fhoirne taighdeoirí ag NUIG scrúdú ar réimsí idir-gaolta d'ailgéabar ríomhaireachtúil, ag díriú ar thionscadal nuálaíoch le hábharthacht díreach i leith matamaitic fheidhmeach agus innealtóireacht.

Gheobhaidh an tionscadal Bith-Staitistice & Faisnéisíochta (BIO-SI) ag UL, ceannasaithe ag an tOll. Gilbert MacKenzie, €500,000. Roinneann an chomhchlár taighde seo obair comhoibríoch le leigheas agus bitheolaithe. Is í an aidhm atá aige ná modhanna agus cuspóirí nua a fhorbairt chun ceisteanna taighde substainteach a sheoladh, agus chun fócas mór a sholáthar d'eolaíocht staitistiúil in Éirinn.

H**Glaoch Fearais SFI 2007**

D'aithin Athbhreithniú Forfás/HEA foilsithe in Eanáir 2007 easnamh fearais suntasach i réimse taighde agus forbairt. Mar thoradh, d'éisigh an SFI, mar chuid de ghlaoch comhordaithe leis an HEA agus EI, Glaoch Fearais 2007 an SFI. Bhí an glaoch deartha chun rochtain a cheadú go fearas den scoth, úrscothach a cheadóidh do thaighdeoirí leanúint ar aghaidh ag déanamh taighde ardchaighdeánach. Ba í an aidhm a bhí ann ná aischur taighde a fheabhsú agus a luathú ó thaighdeoirí maoinithe ag SFI agus neamh-SFI trí infheistíocht suntasach in acmhainní breise agus bonneagair. Fuarthas iomlán de 140 aighneas, a raibh 80 aighneas formheasta le haghaidh maoiniú ar chostas iomlán de €31.2m.

2 Síneann SFI Amach

Molann an Fhondúireacht Eolaíochta Éireann go láidir for-rochtain ag taighdeoirí maoinithe ag SFI chun tuiscint phoiblí a chur chun cinn d'eolaíocht agus innealtóireacht. Tacaíonn an SFI méid áirithe de ghníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachas. Tá siad seo deartha chun eolas a sholáthar agus a chur chun cinn ar an dtaighde úrnua agus corraitheach a mhaoiníonn SFI. I dteannta le seo, tá ról tábhachtach ag na cláir seo agus spreagadh a thabhairt den chéad ghlúin eile de thaighdeoirí - daoine óga - chun gairm i dtaighde innealtóireachta agus eolaíochta a bheartú. Cuimsíonn na tionscnaimh, tacaíthe ag SFI, cláir cosúil le UREKA, STARs, Scoláireacht na mBan Óige in Innealtóireacht SFI/Dell, Cainteoirí le haghaidh Scoileanna agus Oideachas & For-Rochtain CSET.

Clár UREKA

Soláthraíonn an clár UREKA d'fhochéimí innealtóireachta agus eolaíochta leis an deis chun obair i dtimpeallacht taighde den scoth in institiúidí taighde Éireannach i rith na laethanta saoire. Eisíonn an SFI glaoh bliantúil do thaighdeoirí le suim in óstáil Forlónadh nó Suíomh UREKA. D'fhorhmeas an SFI ceithre shuíomh UREKA nua le haghaidh oibriú i rith an tSamhraidh 2007. Thug sé seo méid iomlán de shuímh tacaíthe go 15. Ghlac 190 fochéimí páirt i gcláir ag na suímh seo i rith 2007. Faoin Suímh UREKA maoiniú go dtí suas go trí bliana.

D'fhorhmeas an SFI maoiniú do 99 mac léinn chun Forlónadh UREKA a dhéanamh i rith an tsamhraidh 2007. De na 99 mac léinn seo, bhí 31 mar mhic léinn idirnáisiúnta ó India, ón Fhrainc, ón bPolainn, ón Gearmáin, ón Rúis, ón Seapáin, ón Ostair, ón Spáinn, ón Sile, ón Ríocht Aontaithe, agus ó na Stáit Aontaithe. D'infheistíodh an SFI iomlán de €1.4m ar an gclár UREKA i 2007.

Buaiteoirí Dámhachtain Scoláireachta na mBan Óg in Innealtóireacht SFI/Dell

Ba í 2007 an dara bhliain de na dámhachtain a raibh oscailte d'iarrthóirí baineann a bhfuil tar éis Ardteistiméireacht na hÉireann a dhéanamh sa bhliain a bhfuileadar ag cuir isteach ar oideachas tríú leibhéal nó sa bhliain roimhe sin. Tá aidhm ag an dámhachtain níos mó mic léinn baineann a mhealladh isteach go hinnealtóireacht mar chéim fochéimí agus gairm sa todhchaí. Fuair na deich mbuaiteoirí a nduaiseanna ón Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta, an tUas. Micheál Martin, TD, ag ceiliúradh i mBaile Átha Cliath. Le tacaíocht ó SFI agus Dell, tá luach de timpeall €20,000 ar an dámhachtain, déanta suas de dámhachtain bliantúil de €2,000; ríomhaire leabhar nótaí Dell; cabhair agus tacaíocht de chomhairleoir gníomhach taighde ar fud a ghairm fochéimí agus an deis samhraí a chaitheamh in intéirneacht taighde in ollscoil nó tionscal.



Scoláireacht na mBan Óg in Innealtóireacht SFI/Dell 2007.

Sa phictiúr leis an Oll. Frank Gannon, SFI; an tUas. Micheál Martin, TD, Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tUas. Dermot O'Connell, Dell bhí buaiteoirí Dámhachtain Scoláireachta na mBan Óg in Innealtóireacht SFI/Dell.

Clár STARS

I 2007, ghlac 40 múinteoirí dara leibhéal páirt sa chlár Taighdeoirí Cúnta Múinteoirí Dara Leibhéal (STARS) in ocht ollscoileanna ar fud na tíre. Tá an aidhm ag an gclár STARS scileanna agus eolas nua a chraobhscaoileadh chuig múinteoirí dara leibhéal a d'fhéadfadh, ó shin, bheith curtha ar aghaidh go daltaí scoile chun suim gníomhach in eolaíocht a spreagadh.

Tríd an gclár STARS, faigheann múinteoirí dara leibhéal tacaíocht chun taighde a dhéanamh taobh le taighdeoir maoinithe ag an SFI nó foireann taighde i rith ocht seachtain de na laethanta saoire samhraidh. Is í an aidhm ná chun cabhair a thabhairt do mhúinteoirí a gcuid suim san eolaíocht mar thaighdeoirí a athnua, iad a cheangal leis an dámh eolaíochta sna hollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta agus múineadh eolaíocht a fheabhsú ar fud an chóras oideachais.

Ceann des na tionscnaimh STARS píolótaithe i gCorcaigh isea an clár bitheolaíochta ailse do mhic léinn san Idirbhliain, a dhéanfaidh scrúdú ar conas a fhásann ailse istigh sa chorp, conas a fhorbraíonn sé agus conas a théann sé seo le bitheolaíocht agus géiniteach gach lá. Bhí an clár comhpháirtithe ilmheánach cruthaithe ag Cian O'Mahony, múinteoir i Scoil Phobail na Dúghlaise, an Dr. Dan O'Sullivan ó Choláiste Chríost Rí agus an tOll. Gerald O'Sullivan in Ionad Taighde Ailse Chorcaí, chun uirlis ábhartha agus praiticiúil a sholáthar do mhúinteoirí chun a úsáid i gceachtanna bitheolaíochta. Bhí an obair déanta sna saotharlanna de chuid Ionad Taighde Ailse Chorcaí faoi threoir an Dr. Mark Tangney.

Ag Labhairt Amach i Scoileanna

Ag súil le tionchar a bheith aige ar an gcéad ghlúin eile d'eolaithe agus innealtóirí, tugann taighdeoirí maoinithe ag an SFI in institiúidí tríú leibhéal cuairteanna ar scoileanna dara leibhéal agus bunscoileanna chun cainteanna a thabhairt ar a dtaighde féin, ar eolaíocht níos ginearálta agus ábhair innealtóireachta, nó ar gairmeacha in eolaíocht agus innealtóireacht. Tá sonraí teagmhála ag suíomh gréasáin an SFI le haghaidh 67 taighdeoirí a thugann cainteanna i scoileanna. Cuimsíonn teidil suimiúla: Why Blood is Red – Drugs, Vampires, and Medicine; What Happens to the Brain as We Age; The Eye, Vision and Super-vision; Exploring the Maths in your iPod and DVD Player agus The Body's Army Against Invaders.




An Dr. Frank H. Peters,
Grúpa Fótóinice
Comhtháthaithe, Roinn
Fisice, Coláiste na hOllscoile,
Corcaigh, agus Institiúid
Náisiúnta Tyndall (TNI)

Tá an Dr. Frank Peters mar cheannasaí ar an nGrúpa Fótóinice Comhtháthaithe suite ag an TNI agus an Roinn Fisice de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí sé bunaithe i gCalifornia roimhe seo mar eolaí taighde i gcomhlachtaí áirithe ag cuimsiú Agilent Technologies agus Infinera, áit a d'fhorbair sé na céad chiorcaid iomlánaithe fótóinice tráchtála (PICanna). I ndiaidh beagnach 15 bliain de thairbhí taighde fótóinice, chuaigh sé le UCC agus Tyndall i 2005. Leanann an Dr. Peters ar aghaidh ag déanamh taighde ar áiseanna fótóinice iomlánaithe agus luas ard, agus is ceannasaí Sraith Fótóinice é ar an Ionad do Thaighde Slabhra Luach Teileachumarsáidí (CTVR), chabhraigh an Dr. Peters comhoibríthe eiseadh a dhaingniú idir thaighdeoirí acadúla i TNI, UCC, TCD, DCU agus CIT agus chomh maith le sin comhlachtaí fótóinice tionsclaíoch Alcatel-Lucent, Eblana Photonics, Firecomms, Intune Networks agus SensL. As seo tháinig foirmiúcht PíFAS - Iomlánú Fótóinice ó hAdaimh go Córais - Braisle Taighde Straitéise maoinithe ag an SFI le feidhm aige iarrachtaí eiseadh a cheangal in áiseanna agus córais fótóinice trí iomlánú fótóinice agus pacáistiú.

Oideachas agus For-rochtain ag CSET SFI

Tógann CSET SFI go léir fúthu gníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachais leathan dírithe ag an bpobal a choimeád meabhrach faoi thorthaí taighde nua corraitheach agus chun daoine óga a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar agus chun gairmeacha a thógaint suas i dtaighde. Cuimsíonn na gníomhaíochtaí seo cluichí ríomhaire, suímh gréasáin, cláir chuariteora, físeáin, pacáí múinteoireachta agus cláir TV



Clár oideachais nua le haghaidh mic léinn Idirbhliana ag iarraidh feabhas a chur ar thuiscint géiniteach agus bitheolaíocht móilíneach d'ailse.

Sa phictiúr tá mic léinn David O'Connell ó Scoil Phobail na Dúglaise agus Jessica Perrot leis an Dr. Dan O'Sullivan Taighdeoir Cúnta Múinteoir Dara Leibhéal Fondúireacht Eolaíochta (STARs) ó Choláiste Chríost Rí.

3 Ag Mealladh Taighdeoirí go hÉirinn

Dearadh clár an SFI chun cabhair a thabhairt d’eagraíochtaí taighde na hÉireann taighdeoirí den scoth a mhealladh chuig na hInstitiúidí ó lasmuigh d’Éire. Mealladh aon taighdeoir déag go heagraíochtaí taighde na hÉireann i 2007 trí chláir SFI á úsáid go straitéiseach ag HEIanna. Trí an clár Comhaltacht Walton ETS thóg 16 taighdeoirí eile cuairteanna taighde gearrthearma go HEIanna na hÉireann. I dteannta le sin, tá HEIanna ag cur críoch le conarthaí le lucht ainmnithe Stokes SFI agus, mar a bhí comhartha roimhe seo, tá 70% de lucht ainmnithe Stokes SFI mar thaighdeoirí thar lear. Tá sé cosúil go n-athlonnóidh méid suntasach díobh seo go hÉire, mar sin ag méadú go mór an méid taighdeoirí iomaíocha idirnáisiúnta bunaithe anseo.

Taighdeoir	Clár	Ó Chomhlacht Taighde / Tionscal	Go Comhlacht Taighde
Tionscal	Go Comhlacht Taighde	Ollscoil of Newcastle, An Astráil	NUIM
An tOll. Stefan Oscarson	Ollamh Taighde	Ollscoil Stockholm, An tSualainn	UCD
An tOll. Matthew Hennessey	Príomh-Imscrúdaitheoir	Ollscoil Sussex, An Ríocht Aontaithe	TCD
An tOll. Cynthia Colinge	Príomh-Imscrúdaitheoir	Ollscoil Stát California, Stáit Aontaithe Mheiriceá	TNI
An tOll. Marc Achtmann	Príomh-Imscrúdaitheoir	Institiúid Max Planck, An Ghearmáin	UCC
An tOll. Matthew Dallas Griffin	Príomh-Imscrúdaitheoir	Clinic Mayo, Stáit Aontaithe Mheiriceá	NUIG
An Dr. Brian McStay	Príomh-Imscrúdaitheoir	Ollscoil Dundee, Albain	NUIG
An Dr. Silvia Giordani	PIYRA	Ollscoil Trieste, An Iodáil	TCD
An Dr. Claude Ederer	PIYRA	Ollscoil Columbia, Stáit Aontaithe Mheiriceá	TCD
An Dr. Stephen Pec	PIYRA	EMBL, An Ghearmáin	NUIG
An Dr. Karen Keesham	PIYRA	Ollscoil Pennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá	TCD

Dámhachtainí Cuirteoirí Walton ETS

Ligeann an clár Dámhachtainí Cuirteoirí Walton ETS taighdeoirí tionscail agus acadúil ardchaighdeánach lasmuigh d'Éirinn tionscadail taighde dá rogha féin a dhéanamh in Éirinn. De ghnáth bíonn fanachtaí taighde idir trí agus 12 mí leanúnach. Ghlac sé thaighdeoir déag páirt i gClár Cuirteoirí Walton ETS i rith 2007.

Comhaltacht Walton ETS 2007

Researcher	Home Institution	Host Institution
An tOll. Godfrey Beddard	Ollscoil Leeds, An Ríocht Aontaithe	DCU
An tOll. James Philip Cleary	Ollscoil Minnesota, Stáit Aontaithe Mheiriceá	TCD
An Dr. Stephane Emiliani	Institiúid Cochin, An Iodáil	UCD
An tOLL. John Luong	Comhairle Taighde Náisiúnta, Ceanada	UCC
An tOll. James Martin	Ollscoil McGill, Ceanada	UCC
An tOll. Oliver O'Reilly	Ollscoil California, Berkeley, Stáit Aontaithe Mheiriceá	UCC
An Dr. Georg Duesberg	Qimonda, An Ghearmáin	TCD
An tOll. Michael Thompson	Ollscoil Toronto, Ceanada	TNI
An tOll. Srinivas Tadigadapa	Ollscoil Stáit Pennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá	TNI
An tOll. Paul B. Kirby	Ollscoil Cranfield, An Ríocht Aontaithe	TNI
An tOll. Sumit Roy	Ollscoil Washington, Stáit Aontaithe Mheiriceá	UCD
An tOll. Anthony Hayes	Ollscoil Hong Cong	UCD
An tOll. Timothy Porter	Ollscoil na Breataine Bige, Bangor	NUIG
An tOll. Kumpati Narendra	Ollscoil Yale, Stáit Aontaithe Mheiriceá	NUIM
An tOll. Dan Marinescu	Ollscoil Florida Lárnach, Stáit Aontaithe Mheiriceá	UCC
An Dr. Vladimir Minogin	Acadamh Eolaíochta na Rúise	CIT



Scar is Treascair: An scéal ar leith dár gcóras cosanta imdhíonachta. Sheachaid an cuairteoir Walton ETS SFI, an Dr Philip D. Hodgkin léacht ar 25 Iúil 2007 ag Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Sa phictiúr ar thráthnóna an léachta san RIA (ó chlé) an Dr. Philip D. Hodgkin, Walter agus Eliza Hall Institiúid Taighde Leighis, Melbourne, an Astráil, Anne Plunkett Uasal, Ambasadóir na hAstráile chuig Éire, an tOll. Peter Wellstead, Institiúid Hamilton, NUI Má Nuad.

4 Briseadh Síos Infheistíochta ag Stiúrthóireacht

Forbhreathnú ar Infheistíocht Stiúrthóireachta TFC

Ó thosaigh an SFI ag déanamh dámhachtainí i 2001, tá an Stiúrthóireacht TFC tar éis €414m a thiomnú go dtí thionscadail crua-earraí agus bogearraí, 1,100 taighdeoirí agus foireann tacaíochta a mhaoiniú, beagnach 130 dóibh atá mar Phríomh-Imscrúdaitheoirí i gceannas ar fhoirne taighde substaintiúla. Chonaic 2007 tuilleadh forbairtí i leith chomhoibriú idir tionscail agus acadóirí le bunaíocht de chúig TFC SRCanna i réimsí Córais Líonrú agus Cumarsáide, Córais Eolais agus Bunaithe ar Ghréasán, Samhaltú ar Ríomhaire agus Corais Léirshamhlú, Taighde IC/Leathsheoltóirí agus Fótóinicí. Bhronnadh maoiniú de 16.8m i gcostais díreach go dtí CSET nua i réimse Logánú Chéad Ghlúin Eile i 2007. I dteannta le sin, lean an Stiúrthóireacht TFC ag tabhairt tacaíochta do cheithre CSET DERI in NUIG, Lero i UL agus an CTVR agus Crann i TCD.

Crua-earraí	€m
Nani-theicneolaíocht	73.0
Taighde IC/Leathsheoltóirí	71.3
Fótóinicí	41.3
Córais Tarchurtha	30.1
Ard-Déantúsaíocht	21.6
Stóras	12.7
Iomlán*	250
Bogearraí	€m
Innealtóireacht Bogearraí & Intleacht Shaorga	46.3
Córas Líonrú & Cumarsáide	31.7
Samhaltú ar Ríomhaire agus Córais Léirshamhlaithe	30.9
Córais Eolais & Bunaithe ar Ghréasán	27.4
Teicneolaíochtaí Teanga	19.7
Córais Eolais	8.0
Iomlán*	164
Iomlán Crua-earraí agus Bogearraí*	414

* Líon iomlán le haghaidh dámhachtainí móra. Soláthraíonn TFC dámhachtainí eile faoi chlár cosúil le Stokes, E.T.S. Waltons, UREKA agus STARS.



An Dr Thomas Moore, UCC

